BUNREACHT CHUMANN NA DTUISMITHEOIRÍ GHAELSCOIL CHILL MHANTÁIN

THE CONSTITUTION OF THE PARENT ASSOCIATION OF GAELSCOIL CHILL MHANTÁIN

Clár - *Contents*

1. Ballraíocht Chumann na dTuismitheoirí
   The Membership of the Parents' Association
2. Coiste Chumann na dTuismitheoirí
   The Committee of the Parents association
3. Cuspóir Chumann na dTuismitheoirí
   Purpose of the Parents' Association
4. Aidhm Chumann na dTuismitheoirí
   The Aim of the Parents' Association
5. Obair Coiste Chumann na dTuismitheoirí
   The work of the Committee of the Parents' Association
6. Toghchán Choiste na dTuismitheoirí
   The Election of the Committee of the Parents' Association
7. Fochoistí
   Sub-committees
8. Airgeadas
   Finance
9. Ag Tiomsú Airgid don Scoil
   Fundraising for the school
10. Ballraíocht den Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunbhrainse)
    Membership of the National Parents' Council (Primary)
11. An Bunreacht a Athrú
    Changing the Constitution

1) Ballraíocht Chumann na dTuismitheoirí

Is ball de Chumann na dTuismitheoirí é gach tuismitheoir nó caomhnóir ag a bhfuil páiste atá ag freastal ar Ghaelscoil Chill Mhantáin.

The Membership of the Parent Association

All parents or guardians of children attending Gaelscoil Chill Mhantáin will be deemed to be members of the Parent Association.

2) Coiste Chumann na dTuismitheoirí

Toghfaidh baill Chumann na dTuismitheoirí coiste le huasmhéid de 13 agus íosmhéid de 11, le hionadaíocht do gach uile rang. Beidh an coiste seo freagrach as feidhmiú ar son tuismitheoirí Ghaelscoil Chill Mhantáin agus as gníomhaíochtaí Chumann na dTuismitheoirí a bhainistiú. Ag a gcéad cruinniú, toghfaidh an coiste óna bhaill Cathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir.

The committee of the Parent Association

The members of the Parent Association will elect a committee with a maximum of 13 and a minimum of 11 with representation for each class. This committee will have responsibility for representing the parents of Gaelscoil Chill Mhantáin and managing the activities of the Parent Association. At their first meeting, the committee will elect from their number a Chairperson, Secretary and Treasurer.

3) Cuspóir Chumann na dTuismitheoirí

Is é cuspóir Chumann na dTuismitheoirí ná struchtúr a chur ar fáil a chabhróidh le tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí atá ag freastal ar Ghaelscoil Chill Mhantáin comhoibriú lena chéile d'fhonn caighdeán oideachais chomh hard agus is féidir a sholáthar dá bpáistí. Oibreoidh Cumann na dTuismitheoirí i gcomhpháirtíocht leis an bPríomhoide, an fhoireann agus an Bord Bainistíochta, chun comhchaidreamh éifeachtúil a chothú idir scoil agus sa bhaile.

Faoin Acht Oideachais, 1998

Alt 26.—(1) Féadfaidh tuismitheoirí mac léinn scoile aitheanta cumann tuismitheoirí don scoil sin a bhunú agus a chothabháil as measc a lín agus beidh an ceart ag tuismitheoirí uile mhic léinn na scoile sin a bheith ina gcomhaltaí den chumann sin.

Alt 26.—(2) Déanfaidh cumann tuismitheoirí leasanna na mac léinn i scoil a chur chun cinn i gcomhar le bord, le Príomhoide, le múinteoirí agus le mic léinn na scoile agus, chun na críche sin, féadfaidh sé

a) comhairle a thabhairt don Phríomhoide nó don bhord maidir le haon ní a bhaineann leis an scoil agus beidh aird ag an bPríomhoide nó ag an mbord, de réir mar a bheidh, ar aon chomhairle den sórt sin, agus

b) clár gníomhaíochtaí a ghlacadh lena ndéanfar páirteachas tuismitheoirí, i gcomhairle leis an bPríomhoide, in oibriú na scoile, a chur chun cinn.

Alt 26. – (4) (a) Déanfaidh cumann tuismitheoirí, tar éis dul i gcomhairle lena chomhaltaí, rialacha lena rialófar a chruinnithe agus a ghnó agus seoladh a ghnóthaí.

(*b*) Más rud é go mbeidh cumann tuismitheoirí cleamhnaithe le cumann náisiúnta tuismitheoirí, beidh na rialacha dá dtagraítear i *mír (a)* i gcomhréir le treoirlínte a bheidh eisithe ag an gcumann náisiúnta tuismitheoirí sin le comhthoiliú an Aire.

The Purpose of the Parent Association

The purpose of the Parent Association is to provide a structure through which the parents/guardians of children attending Gaelscoil Chill Mhantáin can work together for the best possible education for their children. The Parent Association will work with the Principal, staff and Board of Management to build effective partnership between home and school.

Under the Education Act, 1998

Section 26. – (1) The parents of students of a recognised school may establish, and maintain from among their number, a parents' association for that school and membership of that association shall be open to all parents of students of that school.

Section 26. – (2) A parents' association shall promote the interests of the students in a school in co-operation with the board, Principal, teachers and students of the school and for that purpose may

a) advise the Principal or the board on any matter relating to the school and the Principal or board, as the case may be, who shall have regard to any such advice, and

b) adopt a programme of activities which will promote the involvement of parents, in consultation with the Principal, in the operation of the school.

Section 26. – (4) (a) A parents' association shall, following consultation with its members, make rules governing its meetings and the business and conduct of its affairs.

(b) Where a parents' association is affiliated to a national association of parents, the rules referred to in paragraph (a) shall be in accordance with guidelines issued by that national association of parents with the concurrence of the Minister.

4) Aidhm Chumann na dTuismitheoirí

Is é aidhm Chumann na dTuismitheoirí ná deis a thabhairt do thuismitheoirí eispéireas oideachasúil a bpáistí a shaibhriú oiread agus is féidir trí réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí a chur ar fáil. Oibreoidh Cumann na dTuismitheoirí chun leasa na ndaltaí i gcomhpháirtíocht leis an mBord Bainistíochta, an Príomhoide, na múinteoirí agus na daltaí, agus de réir fhorálacha an Achta Oideachais, 1998.

The Aim of the Parent Association

The aim of the Parent Association is to enable parents to play their part in ensuring provision of the best possible education for their children and that this is achieved through the Association's programme of activities. The Parent Association will promote the interests of the students in co-operation with the Board of Management, Principal, teachers and students, in accordance with the provisions of the Education Act, 1988.

5) Aidhmeanna Choiste Chumann na dTuismitheoirí

- Comhoibriú idir thuismitheoirí agus bainistíocht scoile agus foireann a spreagadh
- Ionadaíocht ar na forais náisiúnta oideachasúla cuí a chur chun cinn
- Úsáid na Gaeilge idir thuismitheoirí agus páistí a éascú agus a chur chun cinn

The Aims of the Committee of the Parents' Association

- *To encourage co-operation between parents and school management and staff*
- *To promote representation on relevant national educational bodies*
- *To facilitate and promote the use of Irish among parents and children*

6) Obair Choiste Chumann na dTuismitheoirí

Cuirfidh Cumann na dTuismitheoirí réimse gníomhaíochtaí ar siúl chun tuismitheoirí agus daltaí a spreagadh páirt a ghlacadh i saol na scoile, agus chun tacaíocht a thabhairt do dhaltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile. Agus gníomhaíochtaí á bpleanáil ag Cumann na dTuismitheoirí rachaidh siad i dteagmháil le Príomhoide na scoile.

- Beidh Coiste Chumann na dTuismitheoirí freagrach as a chinntiú go rachfar i gcomhairle leis na tuismitheoirí uile go léir ar shaincheisteanna a bhaineann le tuismitheoirí uile na scoile.
- Is féidir le Cumann na dTuismitheoirí comhairle a thabhairt don Phríomhoide agus don Bhord Bainistíochta maidir le cúrsaí a bhaineann leis an scoil, de réir an Achta Oideachais, 1998, 26 (2) (a).
- Is é an coiste an fhoireann atá freagrach as gníomhaíochtaí an chumainn a bhainistiú ar son na dtuismitheoirí (na baill).
- Déanfaidh an Coiste plean a dhréachtú maidir leis na gníomhaíochtaí is imeachtaí atá pleanáilte, i gcomhairle le tuismitheoirí agus de réir a moltaí siúd.
- Beidh an coiste freagrach as gníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhealach eagraithe agus éifeachtúil.

- Rachaidh an coiste i gcomhairle le Príomhoide na scoile agus leis an mBord Bainistíochta nuair atá clár gníomhaíochtaí á phleanáil aige d'aon bhliain ar leith.
- Rachaidh an coiste i gcomhairle leis an bPríomhoide agus leis an mBord Bainistíochta chun córas leanúnach cumarsáide a chur i bhfeidhm.
- Ag an gcruinniú cinn bhliana (CCB) cuirfidh an coiste tuairisc faoina chuid oibre faoi bhráid na dtuismitheoirí (na baill).
- Déanfaidh an coiste bainistiú ar, agus beidh sé freagrach as, aon airgead a bhailíonn nó a chaitheann Cumann na dTuismitheoirí.

The Work of the Committee of the Parent Association

The Parent Association will undertake a programme of activities which will promote the involvement of parents and pupils, and which will support pupils, parents and school staff. In planning its activities, the Parent Association will consult with the school Principal.

- *The Parent Association committee will be responsible for ensuring that all parents are consulted on issues which are pertinent to the entire parent body.*
- *The Parent Association committee may advise the Principal and Board of Management on any matters relating to the school in accordance with the Education Act, 1998, 26.-(2)(a).*
- *The committee is the team that will manage the tasks of the association on behalf of the parent body (the members).*
- *The committee will draw up a plan for the activities of the association, in consultation with parents and in accordance with their wishes.*
- *The committee will be responsible for seeing that activities are run in an efficient and effective way.*
- *The committee will consult with the school Principal and Board of Management when planning the programme of activities for any particular year.*

- *The committee will arrange with the Principal and Board of Management a system for ongoing communication.*
- *At the annual general meeting (AGM) the committee will report to the parent body (the members) about its work.*
- *The committee will manage and account for any funds collected or expended by the Parent Association.*

7) Toghchán Choiste na dTuismitheoirí

Toghfar baill an Choiste gach bliain ag Cruinniú Cinn Bhliana (CCB) Chumann na dTuismitheoirí. Toghfar gach ball le haghaidh bliana amháin. Ní mór do bhaill uile an choiste seasamh síos ag an CCB, ach is féidir iad a thoghadh arís le haghaidh bliana amháin eile chomh fada is atá siad incháillithe, is é sin chomh fada is atá páiste acu sa scoil. Déanfaidh an coiste cinnte de go gcoinneofar 5 áit oscailte ar an gcoiste do bhaill nua gach uile bhliain. Níl cead ag aon bhall den choiste an post oifigigh céanna a choimeád le haghaidh níos mó ná trí bhliain as a chéile.

Má éiríonn folúntas ar an gcoiste i rith na scoilbhliana, tá cead ag an gCoiste aon bhall de Chumann na dTuismitheoirí a chomhthoghadh chun an folúntas a líonadh go dtí an chéad CCB eile. Éireoidh na baill sin as oifig ag an am céanna leis na baill a bhí tofa.

Ís é 50% de bhallraíocht an Choiste do chruinniú an choiste an córam. Mura sroichtear an córam ní rachaidh an cruinniú ar aghaidh.

The Election of the Parent Association committee

The members of the committee will be elected each year at the AGM of the Parent Association. Each member will be elected for one year. At the AGM all committee members step down, but they can be re-elected for a second year as long as they continue to be eligible to serve, that is as long as they continue to be a parent or guardian of a child in the school. The committee will ensure 5 places are available for new members each year. No

member of the committee will hold the same officer position for more than three consecutive years.

Should a vacancy on the committee occur during the school year, the Committee may co-opt any member of the Parents' Association to fill the vacancy until the next AGM. Such members shall be deemed to retire at the same time as the elected members.

The quorum for a committee meeting will be 50% of the membership of the Committee. Where a quorum is not reached, the meeting will not proceed.

8) Fochoistí

Is féidir fochoistí a bhunú chun tascanna ar leith a chur i gcrích. Is féidir le fochoistí daoine a chomhthoghadh chun cabhrú lena gcuid oibre.

Níl cead ag fochoistí cinntí a dhéanamh; bíonn siad freagrach i gcónaí don phríomhchoiste.

Beidh deireadh curtha le fochoiste sa ghnáthchúrsa chomh luath agus a thugann sé tuairisc don Choiste, ach amháin má thógann an Coiste an cinneadh gan é seo a dhéanamh.

Subcommittees

Subcommittees can be set up for particular tasks. The subcommittees may also co-opt people to assist in their work.

The subcommittees may not make decisions; they remain at all times accountable to the main committee.

A subcommittee will be regarded as ceased once it has reported back to the Committee, unless otherwise decided by the Committee

9) Airgeadas

Déanfaidh an Coiste airgead a sholáthar do ghníomhaíochtaí Chumann na dTuismitheoirí trí imeachtaí tiomsaithe airgid a reáchtáil. Ceapfar Cisteoir ó bhaill an choiste agus beidh an

cisteoir freagrach as cuntas a choimeád den ioncam agus den chaiteachas a bhaineann le cúrsaí airgeadais Chumann na dTuismitheoirí. Cuirfidh an Cisteoir ráiteas ioncaim agus caiteachais faoi bhráid an choiste ag gach cruinniú. Scaipfear ráiteas scríofa ioncaim agus caiteachais ag an CCB agus seolfar cóip ar aghaidh chuig an Bhord Bainistíochta mar eolas dóibh. Coimeádfaidh Cumann na dTuismitheoirí cuntas bainc ina ainm féin. Ní mór dhá shíniú a bheith ar gach aon seic a eisítear. Ní mór don Chisteoir agus ar a laghad ball amháin ainmnithe eile den choiste seiceanna a shíneadh a tharraingítear ar chuntas an Chumainn.

Finance

The Parent Association committee will finance the activities of the Parent Association through fundraising. A Treasurer will be appointed from among the committee members and will be responsible for keeping account of the income and expenditure of the Parent Association finances. The Treasurer will give a statement of income and expenditure at each committee meeting. A written statement of income and expenditure will be given at the AGM and a copy will be forwarded to the Board of Management for their information. The Parent Association will keep a bank account in its name. Each cheque issued requires two signatures. The Treasurer and at least one other assigned member of the committee must sign all cheques drawn on the account.

10) Ag Tiomsú Airgid don Scoil

Déanfar socrú roimh ré idir an Bord Bainistíochta agus Cumann na dTuismitheoirí maidir le tionscadail ar leith a chuirfidh an Cumann i bhfeidhm chun airgead a thiomsú don scoil. Beidh comhaontú idir coiste Chumann na dTuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta maidir le sainspriocanna an airgid a bhailíonn Cumann na dTuismitheoirí.

Fundraising for the School

Fundraising for the school by the Parent Association will be done with the prior agreement of the Board of Management. The Parent Association committee will agree with the Board of Management as to the specific purposes for which funds are to be raised by the Parent Association.

11) Ballraíocht den Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse

Déanfar Cumann na dTuismitheoirí a chomhcheangal gach bliain leis an gComhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse trí shíntiús bhliantúil a íoc.

Déanfaidh daoine ainmnithe comhaontaithe an Coiste a ionadú ag imeachtaí Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Bunbhrainse)

Membership of National Parents Council Primary

The Parent Association will maintain membership of National Parents Council Primary by annual subscription.

Nominees will be agreed to represent the Committee at National Parents Council (Primary) events

12) An Bunreacht a Athrú

Is féidir athruithe a dhéanamh don Bhunreacht ag an CCB, nó i gcás práinne is féidir CÉG (Cruinniú Éigeandála Ginearálta) a ghlaoch chun é sin a dhéanamh. Ní mór tograí nó rúin a bhaineann le hathruithe don Bhunreacht a scríobh agus a chur faoi bhráid choiste Chumann na dTuismitheoirí. Scaipfidh an coiste Chumann na dTuismitheoirí na rúin seo ar na tuismitheoirí ar fad roimh an CCB/CÉG. Tá cead ag tuismitheoirí uile pháistí na scoile a fhreastalaíonn ar an gcruinniú vótáil ar na rúin.

Changing the Constitution

Changes to the constitution can be made at the AGM or, if for an urgent reason, an EGM can be called for that specific purpose. Proposals to change the constitution must be submitted in writing to the Parent Association committee. The Parent Association committee will then circulate these proposals to all parents before the AGM/EGM. All parents of children in the school at the meeting are eligible to vote on the proposals.